2024/2162

14.8.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2024/2162 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Lúnasa 2024

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/932/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/932/CBES ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin [1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/932/CBES.

(2) An 30 Iúil 2024, scrios Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 2140 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe beirt de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/932/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/932/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Lúnasa 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

[1] IO L 365, 19.12.2014, lch. 147.

IARSCRÍBHINN

Scriostar na hiontrálacha seo a leanas den liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal ‘Daoine’ san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/932/CBES (‘Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagail 1(1), 2a(1) agus Airteagal 2b(1) agus (2)’):

3. Ali Abdullah Saleh (ailias: Ali Abdallah Salih);

5. Ahmed Ali Abdullah Saleh (ailias: Ahmed Ali Abdullah Al-Ahmar).